

Cuid 1: Sainmhíniú, cur síos, buntáistí

Gluais

0:00 Marie	Dia is Muire duit, agus fáilte romhat go dtí an podchraoladh ¹ seo faoin nGaeilge neamhfhoirmiúil. Welcome to this podcast about Gaeilge neamhfhoirmiúil, or informal Irish. It's part of a series of NCCA podcasts and you can find more information and more podcasts on www.action.ncca.ie . This podcast is going to be <i>as Gaeilge</i> . Beidh mé ag leanúint ar aghaidh anois, agus tá mé ag caint inniu le Séamie Ó Néill. A Shéamie, inis dom píosa fút féin le do thoil.	1 podcast
0:32 Séamie	Bhuel is as Cluain Meala, Co Thiobraid Árann ó dhúchas mé. Ní cainteoir dúchais ² mé ach is dócha go raibh múinteoirí maithe agam ar scoil agus chaitheas cúpla tréimhse sa Ghaeltacht nuair a bhí mé sa mheánscoil. ... cinnte chothaigh sé sin suim ³ sa Ghaeilge ionam. D'fhreastail mé ina dhiaidh sin ar Choláiste Phádraig Droim Conrach i ndeireadh na seachtóidí agus thosaigh mé ag múineadh bunscoile ag tús na n-ochtóidí. I dhiaidh sin chaitheas nach mór 10 mbliana mar phríomhoide bunscoile agus táimse ag treabhadh liom faoi láthair i gColáiste Oideachais Froebel, áit a bhfuil cúramaí orm ⁴ do chleachtadh múinteoireachta agus cúpla rud eile cosúil leis sin. Agus is dócha mar chuid den phost sin bímse ag taisteal ó cheann ceann na tíre ag breathnú ar scoláirí ar chleachtadh múinteoireachta. Faighimse go leor deiseanna, ar bhealach, a bheith ag éisteacht le múinteoirí, ag caint le múinteoirí agus féachaint ar an dea-chleachtas ⁵ sna scoileanna.	2 native speaker 3 that maintained [my] interest [in] 4 I am responsible for 5 good practice
1:27 Marie	Go raibh maith agat a Shéamie. Agus mar a dúirt mé, is é ábhar an phodchraolta seo ná an Ghaeilge neamhfhoirmiúil. Ach ba chóir dúinn soiléiriú ⁶ ar dtús, cad atá i gceist go díreach. Cén tuiscint atá agatsa, a Shéamie, ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil?	6 clarify
1:42 Séamie	Bhuel, má thosaímid i dtús báire leis an lipéad é féin, Gaeilge Neamhfhoirmiúil, céard atá i gceist? I ndáiríre is dócha go bhfuil dhá rud ann: tá an Ghaeilge taobh <i>amuigh</i> den rang foirméalta teanga ⁷ agus an Ghaeilge taobh <i>istigh</i> den rang foirmeálta teanga. Taobh amuigh den rang foirméalta teanga tá tábhacht faoi leith ag baint le húsáid na Gaeilge. Táimid ag caint anseo mar gheall ar shealbhú teanga ⁸ . Agus chun teanga a shealbhú caithfidh teagmháil a bheith ag an bhfoghlaiméoir agus an teanga, an nasc sin idir an foghlaiméoir agus an teanga. Ach cad atá i gceist le teagmháil teanga ⁹ ná 'Language Exposure'? Bhíos ag léacht le déanaí leis an saineolaí teanga David Crystal, a bhfuil ana chuid scríofa aige maidir le dátheangachas ¹⁰ agus ilteangachas ¹¹ . Agus tá leabhar nuafhoilsithe aige le déanaí, agus is fiú an teideal a lua <i>Just a phrase I'm going through</i> . Bhí seisean a rá gur rud nádúrtha é do pháistí a bheith ilteangach nó dhátheangach. Dar leis tá 50% de pháistí an domhain mhóir, tá siad dátheangach, agus 30% de pháistí an domhain mhóir tá siad ilteangach. Tá sé coitianta go leor san Afraic, mar shampla, go mbíonn 5 nó 6 de theangacha ag páistí. Bhíos féin i gCéinia san Afraic uair amháin agus bhuaileas le leaid óg, agus bhí 7 dteanga aige gan stró, gan aon fhoghlaim fhoirmeálta ¹² , gan téacsleabhar, gan bacaint le múinteoir fiú.	7 formal language lesson 8 language acquisition 9 language contact/ exposure 10 bilingualism 11 plurilingualism 12 formal learning

- 3:15 Marie Tá sé sin dochreidte!
- Séamie Bhuel, is dócha, caithfear an cheist a chur mar sin, conas a fhoghlaimíonn páistí na teangacha go léir. Ní fhoghlaimíonn siad na teangacha i **gcomhthéacs**¹³ foirmiúil. Ar an iomlán, foghlaimíonn siad teanga ó bheith i dteagmháil leis an teanga, an nóisean seo ‘language exposure’ ... ag éisteacht leis agus ag úsáid na teanga i gcomhthéacs **cumarsáideach**¹⁴. Caithfidh an páiste a bheith i dteagmháil leis an teanga go rialta... ar bhonn leanúnach, ó lá go lá , ó sheachtain go seachtain chun an **teanga a shealbhú**¹⁵.
- 13 context
14 communicative
15 to acquire a language
- 3:49 Marie Agus an mbíonn an teagmháil chéanna i gceist nuair a bhíonn páistí ag foghlaim Gaeilge ar scoil?
- Séamie Bhuel, is dócha, ó thaobh na Gaeilge de, i ndáiríre, is beag teagmháil a bhíonn ag gnáthpháiste bunscoile leis an teanga taobh amuigh den seomra ranga, taobh amuigh b’fhéidir, de chorrchlár ar TG4, cartún na Rugrats, mar shampla. Tá ról lárnach ag an scoil, mar sin i **gcaomhnú na teanga**¹⁶, agus is cuid den ról sin a bhíonn ag an **múinteoir gairmiúil**¹⁷ ná féachaint an bhfuil bealach eile ann, nó bealach níos fearr ann chun an Ghaeilge **a chur chun cinn**¹⁸?
- 16 language conservation
17 professional teacher
18 promote/support
- Faoi mar atá sé faoi láthair níl ach ... idir **2 uair go leith**¹⁹ agus **3 uair go leith**²⁰ de ranganna foirméalta Gaeilge ag páistí bunscoile, in aghaidh na seachtaine, ag brath ar an rang ata agat. Is gearradh siar é sin ar an méid ama a bhíodh ann don Ghaeilge sa **churaclam ‘71**²¹. Agus chomh maith leis sin, uaireanta bíonn cuid mhaith den **teagasc**²² sin trí mheán an Bhéarla. Mar sin is beag seans atá ann i ndáiríre teanga a shealbhú sa chomhthéacs sin. Bealach amháin, is dócha, chun an scéal a fheabhsú ná teagmháil leis an teanga a mhéadú taobh *amuigh* den rang foirméalta Gaeilge.
- 19 2.5 hours
20 3.5 hours
21 Curaclam na Bunscoile, 1971
22 teaching/instruction
- 5:00. Marie Agus cad atá i gceist agat? Conas is féidir é sin a dhéanamh?
- Séamie Bhuel, is dócha go bhfuilim ag caint ar an nGaeilge a úsáid mar **theanga bhainistíochta ranga**²³ mar shampla. Ar ndóigh, tá sé sin ar siúl ag an-chuid múinteoirí cheana féin, tá siad an-fhabhrach don Ghaeilge, níl aon dabht faoi sin. Agus bíonn leithéidí ‘*Cuir ort do chóta*’; ‘*Cuirigí oraibh bhur gcótaí*’; ‘*Dún an doras*’ agus mar sin de le cloisteáil ... **gnáthbheannachtaí agus treoracha**²⁴ an ranga in úsáid *ar feadh an lae*, taobh amuigh den rang foirmeálta Gaeilge.
- 23 classroom management language
24 everyday greetings and instructions
- 5:30 Marie Á, tuigim. ... ach bhíomar ag caint ansin ar an tuiscint atá againn ar Ghaeilge neamhfhoirmiúil. An bhfuil aon **mhíthuiscintí**²⁵ ann, meas tú? An bhfuil aon rud a fheiceann tú nach bhfuil ag éirí chomh maith leis, sa Ghaeilge neamhfhoirmiúil?
- 25 misconceptions
- Séamie Is dócha ní míthuiscint atá ann i ndáiríre, ach pointe amháin an-tábhachtach anseo gur fiú a lua ná .. tá sé de nós uaireanta **aistriúchán lom**²⁶ a dhéanamh **láithreach**²⁷ ó Ghaeilge go Béarla. Rinneas píosa **taighde**²⁸ mé féinig ar seo anuraidh. Rinne mé taifead ar chaint an mhúinteora, chuaigh mé isteach i roinnt ranganna bunscoile agus **rinne mé taifead**²⁹ ar an gcaint a bhí ar siúl ag an múinteoir.
- 26 direct translation
27 immediately
28 research
29 recorded
- Thaispeáin sé go raibh an t-aistriúchán le cloisteáil agus in úsáid go minic. Mar sin bíonn a leithéid: ‘*Tóg amach an bosca lóin*-take out your lunch box’ le cloisteáil. Agus is dócha uaireanta ní bhíonn a fhios ag na múinteoirí fiú go bhfuil an t-aistriúchán á dhéanamh acu. Bíonn sé ar siúl

múinteoirí fiú go bhfuil an t-aistriúchán á dhéanamh acu. Bíonn sé ar siúl, saghas, i ngan fhios dóibh féin.

Ach má dhéanann an múinteoir **cinneadh**³⁰ gan aistriúchán a dhéanamh, ar feadh 3 nó 4 lá b'fhéidir, rachaidh na páistí i **dtaithe ar**³¹ an bhfrása. Ar an gcéad lá seans go mbeidh cuid de na páistí a rá 'What's she saying?' Uaireanta bíonn na páistí is fearr sa rang ag déanamh aistriúcháin ar son na bpáistí eile. 'Oh she wants us to put on our coats' or 'She wants us to have our lunch'. Ach ní cóir go mbeifeá buartha faoi seo, agus i ndáiríre is cuid nádúrtha den **phróiseas foghlama teanga**³² é sin.

³⁰ decision
³¹ get used to, become familiar with

³² language learning process

An rud is tábhachtaí ná ... roinnt áirithe frásaí a roghnú ar an gcéad dul síos, agus **cloí leo**³³, gan aistriúchán a dhéanamh. Agus ansin de réir a chéile tiocfaidh an tuiscint. Agus ionas go ndéanfaidh na páistí **dul chun cinn**³⁴ sa Ghaeilge caithfear na frásaí a úsáid **go rialta agus go leanúnach**³⁵ taobh amuigh den rang foirmeálta Gaeilge. Agus ná bí buartha má fhreagraíonn na páistí i mBéarla nó nach dtuigeann siad gach uile focal. Rud an-tábhachtach ná go mbeidh plean ag an múinteoir – ach tiocfaidh mé ar ais chuige sin níos déanaí.

³³ adhere to them

³⁴ progress
³⁵ regularly and consistently

7:29 Marie Ceart go leor. Bhíomar ag caint ansin, is dócha, ar an nGaeilge a úsáid taobh amuigh den cheacht Gaeilge, ach ar dtús dúirt tusa go dtiteann dhá rud isteach faoin nGaeilge neamhfhoirmiúil, agus ceann acu sin ná an Ghaeilge a úsáid taobh *istigh* den cheacht Gaeilge féin. Cén ról atá an nGaeilge neamhfhoirmiúil sa cheacht Gaeilge?

Séamie A n ceacht foirmeálta Gaeilge, nach ea?

Marie Is ea.

Séamie Bhuel, is dócha i ngach aon ceacht Gaeilge tá **ábhar**³⁶ le múineadh ann, tá foclóir, tá an frásaí, **na heiseamláirí teanga**³⁷, agus mar sin de – **mianach**³⁸ an cheachta is dócha. Agus chun an t-ábhar sin a mhúineadh caithfear Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid chun an t-ábhar nua a mhíniú. Táimid ag caint anseo, mar shampla, ar an gcéad dul síos ... go gcaithfear cinneadh a dhéanamh an rang Gaeilge a mhúineadh trí Ghaeilge amháin. Agus is **prionsabal lárnach**³⁹ é sin den **chur chuige cumarsáideach**⁴⁰, agus is prionsabal an-tábhachtach é i gCuraclam na Bunscoile. Cé, b'fhéidir, nach bhfuil an prionsabal róshoiléir sna cáipéisí curaclaim iad féinig. Dar le David Crystal, an fear sin arís, táimid **róthógtha**⁴¹ leis an aistriúchán. Dar leis níor cheart aistriúchán a dhéanamh ar gach aon fhocal agus gach aon frása.

³⁶ content (this context)
³⁷ the language exemplars
³⁸ substance/material

³⁹ central principle
⁴⁰ communicative approach

⁴¹ overly given to

8:42 Marie Agus b'fhéidir gur rud deacair é sin. Mar mhúinteoir mé féin tuigim ... nuair a bhíonn na páistí ag féachaint ort – cad a dhéanann tú?

Séamie Bhuel, tá a fhios agam. Níl sé éasca. Dá mbeadh sé éasca ní bheimis anseo. Ach uaireanta, déanann an múinteoir cinneadh an rang a mhúineadh trí Ghaeilge, ach i ndáiríre tá sé deacair go leor orthu má tá daoine eile sa scoil ag múineadh trí mheán an Bhéarla. Cinnte, níl **go leor béime**⁴² ar an bpointe seo sa churaclam, dar liom féinig. Níl **go leor tacaíochta**⁴³ ar fáil do mhúinteoirí, ach an oiread. Ní rud éasca é, mar sin caithfear gach cabhair a chur ar fáil do mhúinteoirí. B'fhéidir gearrthóga fístéipe (video clips) le samplaí den dea-chleachtas a chur ar fáil, chun a thaispeáint dóibh go bhfuil sé **indéanta**⁴⁴. Tá sé ar siúl ag roinnt mhaith múinteoirí cheana féin, nílím ag rá nach bhfuil sé indéanta, ach níl sé éasca ach an oiread.

⁴² enough emphasis
⁴³ enough support

⁴⁴ able to be done

9:33 Marie	Agus is dócha a Shéamie go mbíonn an toradh ⁴⁵ le feiscint agus go bhfuil buntáisti ⁴⁶ ag baint leis mar sin?	45 results/yields 46 advantages
Séamie	<p>Dar liom féin tá an-chuid buntáistí ag baint leis. Ar an gcéad dul síos, bíonn fíorchumarsáid⁴⁷ i gceist agus tumadh⁴⁸ sa sprioctheanga⁴⁹ – sa chás seo an Ghaeilge – don mhéid is mó ama sa cheacht. Abair go bhfuil tú ag déanamh Gaeilge ar feadh 40 nóiméad nó 45 nóiméad. Tá na páistí ag éisteacht agus ag sú isteach na teanga ar feadh ... 45 nóiméad. Agus cuireann sé go mór, ach go háirithe, le scileanna éisteachta, cinnte bíonn ar na páistí éisteacht níos géire⁵⁰ má bhíonn an múinteoir ag labhairt trí mheán na Gaeilge an t-am go léir. Cuireann sé go mór, cinnte, le foghraíocht⁵¹, le comhcheangal fuaimneanna⁵² ... Agus do na páistí chomh maith, léiríonn sé gur teanga bheo⁵³ í seo, gur rud fiúntach⁵⁴ atá ar siúl acu. Cothaíonn sé an-chuid deiseanna do na páistí chomh maith, agus don mhúinteoir, mím agus geáitsíocht a dhéanamh chun brí na teanga a mhíniú.</p> <p>Is cur chuige difriúil é ar bhealach, caithfear píosa beag machnaimh⁵⁵ a dhéanamh air roimh ré, agus ansin nuair a bhíonn deiseanna ag an bhfoghlaimoír gnáththaimh an ranga⁵⁶ a chomhlíonadh sa sprioctheanga, tugann sé aitheantas don teanga gur rud éigin fiúntach é agus bealach é chun cumarsáid a dhéanamh.</p>	47 real communication 48 immersion 49 target language 50 listen more closely 51 phonetics 52 sound combination/ association 53 living language 54 worthwhile 55 a little bit of reflection 56 classroom procedures/routines

Cuid 2: Pleanáil, dea-chleachtas, moltaí praiticiúla

- 10:56 Marie Bhuel, a Shéamie, níl dabht ar bith ach go bhfuil tú tar éis **dul i bhfeidhm orm**⁵⁷, agus ... tuigim na buntáistí a bhaineann leis. Agus is léir freisin ó bheith ag éisteacht leat go bhfuil an-chuid den dea-chleachtas feicthe agat i scoileanna. Agus ... an féidir leat rud beag a insint dúinn faoi rudaí atá feicthe agat i scoileanna **a bhfuil ag éirí leo**⁵⁸? 57 convinced me
58 which are successful
- Séamie Bhuel, chomh maith leis an gcleachtadh múinteoireachta timpeall na tíre, bhí sé de phribhléid agam anuraidh bheith mar chuid den scéim ‘Gleo’ agus bhí mé ag gabháil timpeall na tíre mar mholtóir ar an scéim ‘Gleo’, agus níl aon dabht faoi ach tá an-chuid ar siúl ag na gnáthscoileanna. Cinnte tá gnáthscoileanna ann agus cheapfá gur gaelscoileanna iad .. tá an **caighdeán**⁵⁹ chomh hard sin. Cén **rún**⁶⁰ nó seift atá ag na scoileanna seo? Cad é an rud seo atá acu ... níl a fhios agam. **Ar an gcéad dul síos**⁶¹, bíonn plean acu. Bíonn ... cinneadh déanta acu an Ghaeilge neamhfhoirmiúil a chur chun cinn mar **straitéis lárnach**⁶². Ceapaim féinig, ceann de na fadhbanna leis an nGaeilge neamhfhoirmiúil ná go mbíonn sé *neamhfhoirmiúil*, ach i ndáiríre caithfear plean a bheith agat, straitéis a bheith agat. Fiú amháin, dá mbeadh seicliosta agat le frásaí nua le forbairt ó rang go rang, bheadh plean éigin agat. Mar sin bíonn tógáil ann ó sheachtain go seachtain agus ó bhliain go bliain – bíonn tógáil ann ar an ábhar atá déanta ag an múinteoir sa rang níos ísle mar shampla. Chomh maith leis sin, sna ranganna seo, sna scoileanna láidre seo, bíonn gach aon mhúinteoir **páirteach ann**⁶³. Ionas go dtarlaíonn sé caithfear plé agus comhrá a bheith ann i measc na múinteoirí – seans acu seasamh siar agus an rud **a phlé**⁶⁴ i dtús báire. 59 standard
60 secret
61 in the first instance
62 central strategy
63 participates in it
64 discuss
- 12:34 Marie Tá tú ag caint, ar bhealach, ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil, a phleanáil go foirmiúil, agus **pobal na scoile uile**⁶⁵ a bheith páirteach sa phlé agus sa phleanáil sin. 65 the whole school community
- Séamie Díreach é. Agus ansin ag an deireadh, ag deireadh an chomhrá sin, bíonn cinneadh le déanamh ag an bhfoireann – is dócha le **ceannaireacht**⁶⁶ ón bpríomhoide. Sin rud amháin is dócha: sna scoileanna láidre seo bíonn príomhoide ann atá láidir ó thaobh na Gaeilge de. Agus uaireanta chomh maith bíonn múinteoirí ann **post freagrachta**⁶⁷ don Ghaeilge acu, agus tá sé de chúram orthu an plean a choimeád ag gluaiseacht. So.... tá tú díreach i gceart ansin, cé go bhfuil sé neamhfhoirmiúil, caithfear bheith ag smaoineamh air go foirmiúil. 66 leadership
67 post of responsibility
- 13:13 Marie Agus tá sé sin feicthe agat, an bhfuil a Shéamie?
- Séamie Bhuel, is cuimhin liom a bheith i scoil anuraidh agus b’as Sasana, creid é nó ná creid, rúnaí na scoile agus ní raibh focal Gaeilge aici. Chuir an scoil **deontas**⁶⁸ beag ar fáil don rúnaí chun cúrsa a dhéanamh ionas go mbeidh siopa na scoile ar siúl trí mheán na Gaeilge. Cinnte, bhí an rúnaí thar a bheith **bródúil**⁶⁹ as an méid Gaeilge a bhí aici, agus bhí ar na páistí Gaeilge a úsáid chun gnó a dhéanamh sa siopa sin. Bhí **sprioc**⁷⁰ mar sin ag páistí na scoile an Ghaeilge a úsáid. Tháinig sé sin ón bplean a bhí ag an scoil, agus cheapas go raibh sé sin go hiontach ar fad. 68 grant
69 proud
70 goal
- 13:47 Marie An-deas! Bíonn rudaí mar sin, ceapaim, ar siúl freisin le linn Sheachtain na Gaeilge i scoileanna, nach mbíonn?
- Séamie Cinnte. bíonn an-chuid ar siúl ag scoileanna i rith Sheachtain na Gaeilge.

Ach sna scoileanna láidre, an difríocht ná, ní fhágann siad an Ghaeilge do Sheachtain na Gaeilge amháin. Níl dabht ar bith ann ach go bhfuil an-obair á dhéanamh ag scoileanna do Sheachtain na Gaeilge ach ... caithfear é sin a **fhorbairt**⁷¹ agus b'fhéidir 'Lá na Gaeilge' sa tseachtain a bheith ann seachas seachtain amháin sa bhliain – ionas go mbeadh **leanúnachas**⁷² ann. Tá na smaointe ann, tá an obair á dhéanamh ag na múinteoirí, ach b'fhéidir é a leathnú amach don chuid eile den bhliain. Agus tiocfaidh sé sin ar aghaidh mar chuid den phlean chomh maith. Mar shampla, ... smaoiniamh eile – agus feiceann tú é seo i rith Sheachtain na Gaeilge – má tá Duais le roinnt ar an rang céard faoi scannán nó cartún i nGaeilge a thaispeáint dóibh .. tá go leor samplaí ar TG4. Tá Seachtain na Gaeilge ... go hiontach ar fad, ach é a leathnú amach ar feadh na bliana.

⁷¹ to develop

⁷² continuity

Na scoileanna láidre bíonn an-chuid ar siúl acu. Bíonn áiseanna ar fáil.. **lárionad áiseanna**⁷³ sa scoil, agus tá seirbhís tacaíochta ann '**Tús Maith**⁷⁴, agus *Eleathanach* ó **shuíomh idirlín Froebel**⁷⁵, más féidir liom é sin a lua, agus an-chuid ar fáil anois, fiú amháin go leictreonach. Tá **An Foclóir Beag (Gaeilge Gaeilge)**⁷⁶, tá sé sin ar fáil anois ar an idirlíon saor in aisce. Is foclóir é sin is féidir leat a úsáid, agus tú ag múineadh Gaeilge trí Ghaeilge, mar shampla. ... tá an-chuid ar siúl ... más mian leat, na **cláir bhána idirghníomhacha**⁷⁷ fiú amháin – b'fhéidir leabhar a chur suas ansin ar PowerPoint.

⁷³ resources centre
⁷⁴ PPDS: An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna
⁷⁵ www.froebel.ie

⁷⁶ Irish-Irish dictionary

⁷⁷ interactive whiteboards

Mar sin, na scoileanna láidre seo, bíonn rudaí ar siúl acu ... bhíos istigh le príomhoide anuraidh agus bhí sé de nós aige dul amach ar an gclós, agus *Catch them speaking Irish*, sin an sprioc a bhí aige.

Marie malartú deas .. ar an [gnáth]rud

Séamie sin é, *Catch them speaking Irish* agus is aoibhinn leis na páistí aon **seift**⁷⁸, seift ar bith cosúil leis sin.

⁷⁸ device [idea]

15:50 Marie Bhuel tá neart seifteanna agus smaointe ansin a Shéamie, agus is smaointe maithe iad ar fad. Ach abair anois gur .. múinteoir mise, táim ag múineadh i ngnáthscoil, agus tá rang ... a ceathair, nó rang éigin agam. Táim tar éis bheith ag éisteacht leis a bpodchraoladh seo, agus táim ag iarraidh tosú amach amárach anois. Cén **moladh**⁷⁹ a bheadh agat domsa?

⁷⁹ proposal/suggestion

Séamie Bhuel, ó thaobh na Gaeilge neamhfhoirmiúla de, rud amháin, má bhíonn na páistí ag cur ceisteanna ort i mBéarla, is féidir leat iad a fhreagairt i nGaeilge.

Marie Sin **túsphointe**⁸⁰, an ea?

⁸⁰ starting point

Séamie Is ea. Mar shampla, má thagann páiste beag suas chugat, páiste as b'fhéidir rang a haon, rang a dó, agus deir sé '*Will you open my bottle, please?*' Is féidir leatsa an cheist sin a fhreagairt i nGaeilge, gan aon stró: *Cinnté osclóidh mé do bhuidéal... seo duit...tá sé ar oscailt anois... maith an buachaill/maith an cailín*'. So ... tá an t-uafás teanga in úsáid ag an múinteoir ansin. Tá an páiste ag sú isteach na teanga agus ag foghlaim teanga i **ngan fhios dóibh féin**⁸¹. Tá sé neamhfhoirmiúil ar bhealach. Agus is dócha, b'fhéidir an chéad uair nach dtuigfeadh an páiste gach uile fhocal, ach le cabhair míme, geáitsíochta, le cabhair ó **thuin cainte**⁸² an mhúinteora, cinnte ní bheidh aon fhadhb ag an bpáiste leis an tuiscint. Ansin de réir a chéile bheadh an focal *buidéal* ag an bpáiste, bheadh an focal *ar oscailt* ag an bpáiste, agus mar sin de. So ... sin rud amháin, **nós a chruthú**⁸³ ... [ceisteanna a fhreagairt trí Ghaeilge] Leis na ranganna sinsearacha, déarfainn féin. cur fiú é sin a phlé leis na

⁸¹ unconsciously [without noticing]

⁸² tone/accnt

⁸³ to start a custom

páistí i dtús báire. Ní dóigh liom go rachainn isteach díreach agus go ndéanfainn é sin an chéad lá gan é a phlé. Agus leis na ranganna seo b'fhiú an t-ábhar seo a phlé leis na páistí sna ranganna sin ach go háirithe.

Bealach eile atá feicthe agam, i gcás na Gaeilge, ná an Ghaeilge a úsáid le hábhar eile. Arís bíonn sé sin ar siúl in an-chuid scoileanna – b'fhéidir an Ghaeilge a úsáid sa rang corpoideachais, mar shampla. Tá lipéad teicniúil air seo ar a glaotar CLIL.

Marie Ó, is ea.

Séamie Tá sé sin cloiste ag an-chuid daoine. Content and Language Integrated Learning. Anois níl an t-am againn anseo inniu dul isteach go mion leis, ach má dhéanann tú Google ar CLIL (C-L-I-L) tiocfaidh an t-uafás chun cinn. Go bunúsach, is éard atá i gceist ná ábhar eile nó cuid d'ábhar eile a mhúineadh tríd an sprioctheanga. Chonacthas é sin anuraidh, bhuaigh múinteoir áirithe, bhuaigh sí Duais Eorpach do Theangacha toisc gur mhúin sí a cuid ranganna corpoideachais go léir trí mheán na Fraincise.

Marie Trí mheán na Fraincise?

Séamie Rang a haon a bhí i gceist. Cinnte ag tús na bliana bhí sé an-deacair... b'fhéidir go raibh **frustrachas**⁸⁴ ag baint leis.. cinnte níor thuig na páistí gach uile fhocal, ach ag deireadh na bliana thuigeadar nach mór gach rud a bhí á rá ag an múinteoir, tar éis bheith ag éisteacht léi trí mheán na Fraincise ar feadh na bliana. Nílím a rá go raibh siad **líofa**⁸⁵, go raibh Fraincis líofa acu ná a leithéid ach ba léir go raibh an-dul chun cinn déanta acu.

84 frustration

85 fluent

An nóisean seo, an smaoineamh seo C-L-I-L: i gcás na Gaeilge ... an Ghaeilge a **chomhtháthú**⁸⁶ le hábhar eile. Corpoideachas, mar a luaigh mé níos moille, na hamharcealaíona, reiligiúin, agus mar sin de. Tá an fianaise ann go n-oibríonn sé.

86 to integrate

19:20 Marie Tá sé an-deas é sin a chloisteáil, agus go háirithe le rang chomh hóg le rang a haon. Sin dhá rud atá molta agat dom anois, b'fhéidir smaoineamh ar chuid d'ábhar eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus freisin gnáthchumarsáid a dhéanamh leis na páistí. Aon mholtaí eile?

Séamie Tá an-chuid seifteanna beaga, simplí, mar shampla, bíonn ar gach múinteoir an rolla a ghlaoch gach aon lá.

Marie Ó bíonn!

Séamie Sin ceann de chúramaí an mhúinteora. Agus is dócha nuair a ghlaonn an múinteoir an rolla go mbíonn ar an páiste an t-ainm a lua agus rud éigin a rá i nGaeilge. Mar shampla, glaonn an múinteoir an rolla agus deir duine éigin 'Séan Ó Riain, Chuaigh mé ag snámh inné.' 'Kerri Ní Mhurchú: Chuaigh mé ag imirt peile inné'. D'fhéadfá cluiche a dhéanamh as an smaoineamh sin .. mar shampla má bhíonn ainmhithe le hainmniú agat, agus ní bhíonn sé de chead ag an bpáiste an t-ainmhí céanna a rá faoi dhó. Ach an buntáiste atá ann ná seo: caithfear an rolla a ghlaoch, mar sin an féidir leatsa **leas éigin a bhaint as**⁸⁷ an rolla chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

87 to benefit from

Tá an-chuid is féidir leatsa a dhéanamh. Is féidir leat cleachtadh a dhéanamh ar **bhriathra**⁸⁸ a bhí déanta an lá roimhe sin, an aimsir fháistineach, an aimsir chaite, is Cuma. Agus fiú amháin, mar shampla, d'fhéadfá an rolla a ghlaoch agus iarraidh ar na páistí uimhreacha

88 verbs

randamacha a ghlaoch amach, agus bheadh tasc éisteachta i gceist ansin, ní bheadh cead ag páiste an uimhir chéanna a úsáid, rudaí beaga cosúil leis sin.

Marie Sin an bhuntáiste is mó a fheicim leis, go mbeadh ar na páistí bheith ag éisteacht lena chéile agus mar sin gur fíorchumarsáid atá ann – níl a fhios acu cad a déarfaidh an duine eile.

Séamie Sin an rud, agus sin ceann de na fadhbanna ó thaobh múineadh na Gaeilge de, tá sé **beagáinín teoranta**⁸⁹ ar bhealach agus ní bhíonn **saorchomhrá**⁹⁰ ar siúl.

Ach smaoineamh eile, b'fhéidir, ná **grianghraf reathaí**⁹¹ – b'fhéidir rud éigin tógtha ó na **gnáthnuachtáin**⁹² – a ghearradh amach agus a chur idir gach beirt. Bíonn ar na páistí rud éigin a rá mar gheall ar an ngrianghraf. B'fhéidir más rang lag atá ann, d'fhéadfaidís *just* foclóir a thabhairt duit, ach má tá rang atá níos fearr ó thaobh na Gaeilge agat, d'fhéadfaidís bheith ag caint ar feadh 30 soicind nó 60 soicind. Ach arís, tá sé neamhfhoirmiúil ar bhealach, ach is deis an-mhaith é chun an saorchomhrá a chur chun cinn. Sa chaoi sin bíonn comhthéacs á chruthú agat do theanga caidrimh na bpáistí agus ceapaim go bhfuil sé sin tábhachtach chomh maith.

⁸⁹ a little bit limited

⁹⁰ free conversation

⁹¹ photograph of an athlete

⁹² ordinary newspapers

Cuid 3: Dúshlán agus measúnú

- 22:00 Marie Fuaimníonn sé sin ar fad go hiontach a Shéamie. Ach an t-aon amhras atá ormsa anois ná – caithfidh go bhfuil **dúshlán**⁹³ éigin ann. Ní fhéadfadh sé ar fad a bheith chomh héasca agus chomh dearfach sin. 93 challenges
- Séamie Bhuel, mar a dúirt mé níos luaithe, níl aon rud éasca. Ach an dúshlán, dar liom féinig, ó thaobh na Gaeilge neamhfhoirmiúla de ná uaireanta nach mbíonn dul chun cinn ann ó rang go rang. Uaireanta bíonn an rud céanna ar siúl agat i rang a cúig is a bhí déanta agat i rang a haon. Taobh amuigh de bheith **leadránach**⁹⁴, níl aon **fhorbairt**⁹⁵ ann ó thaobh na teanga de. Tioctaidh mé ar ais anseo go dtí pointe a bhí déanta agam níos luaithe – go gcaithfear plean a bheith agat don rang, caithfear plean a bheith agat don scoil, don scoilbhliain i dtús báire agus don scoil í féin ó rang go rang, chomh maith leis sin b'fhéidir ón mbunscoil go dtí an mheánscoil, agus sin rud eile is dócha. 94 boring
95 development
- Marie Agus díreach le briseadh isteach ansin, a Shéamie, tá tú ag caint ansin phlean don Ghaeilge neamhfhoirmiúil fós, ní ar an nGaeilge mar ábhar.
- Séamie Bhuel, ceann de na fadhbanna, ceapaim, ná nach bhfuil go leor forbartha déanta againn ó rang go rang agus caithfear pleanáil chuige sin, ní hamháin don rang, ach don scoilbhliain, ó rang go rang, ón mbunscoil go dtí an mheánscoil. Agus ag díriú isteach ach go háirithe ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil, uaireanta bíonn an rud céanna ar siúl acu i rang a cúig is atá déanta acu i rang a haon. Caithfear smaoineamh ar an teanga atá le múineadh againn, agus **saibhreas foclóra**⁹⁶ de. *Mar shampla, má thógann tú frása an-simplí cosúil le 'Tá an pictiúr sin go maith'. An bealach eile chun é sin a rá, mar seans go bhfuil an frása sin ag nach mór gach páiste i rang a dó. Ach le páiste i rang a sé: Tá an pictiúr ar fheabhas, tá sé go hiontach, tá sé thar barr, tá sé thar cionn, tá sé dochreidte. Mar a dúirt mé, uaireanta cloistear an rud ceannann céanna, na frásaí céanna in úsáid i rang a 1 agus a bhíonn in úsáid i rang a 5 – bíonn an teanga teoranta.* 96 richness of vocabulary
- Áis**⁹⁷ gur fiú a lua ag an bpointe seo ná an leabhar *Gaschaint* le Úna Lawlor. Chabhródh sé go mór le plean a chur le chéile ionas go mbeadh a fhorbairt seo ó rang go rang agus ó bhliain go bliain. 97 a resource
- Dúshlán eile ná go mbeadh an fhoireann **ar aon intinn**⁹⁸ faoin nGaeilge neamhfhoirmiúil. Cinnte, chomh maith leis sin, tá fadhb ann ó thaobh **mheasúnú**⁹⁹ na Gaeilge de. Conas is féidir an Ghaeilge agus an dul chun cinn a mheas? B'fhéidir gur fiú dúinn smaoineamh ar rudaí cosúil le próifílí a dhéanamh sa Ghaeilge, critéir éigin a bheith againn don mhúinteoir chun dul chun cinn a mheas. Agus más rud é nach ndéanfaimid é sin, ceapaim nach ndéanfaimid an dul chun cinn. Caithfidh plean réasúnta **cuimsitheach**¹⁰⁰ a bheith againn don Ghaeilge neamhfhoirmiúil, ó thús go deireadh, ó na naíonáin suas go rang a sé, ionas go mbeidh rud éigin **forásach**¹⁰¹ ar siúl. 98 of one accord
99 assessment
100 comprehensive
101 progressive
- Marie Táimid ag dul ar ais ansin a Shéamie, go dtí an pointe a luaigh tú níos túsce, mar gheall ar cheannaireacht scoile – agus an príomhoide agus na múinteoirí ar fad bheith páirteach insan bplé mar gheall ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil.
- Séamie Cinnte, cinnte, agus ná déanaigí dearmad ar na tuismitheoirí ach an oiread.
- Marie: Dar ndóigh

- Séamie Mar ceapaim féinig go bhfuil ról ag na tuismitheoirí anseo, agus caithfimid an ról sin a **leathnú amach**¹⁰², agus féachaint ar na tuismitheoirí mar áis, iarraidh orthu tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim. Caithfear buntáistí a bhaineann le dátheangachas a mhíniú dóibh, agus chabhróidís leis an nGaeilge neamhfhoirmiúil sa bhaile chomh maith. Má bhíonn a fhios acu cad atá sa phlean, seans maith go gcabhróidís leat, agus cinnte chabhródh sé sin go mór leis an nGaeilge neamhfhoirmiúil tríd an scoil. 102 extend
- 25:54 Marie Sin ar fheabhas. Is dócha go bhfuilimid ag druidim chun deiridh a Shéamie, ach an bhfuil aon rud eile gur mhaith leatsa a rá sula gcuirfimid críoch leis –aon fhocal scoir agat?
- Séamie Uaireanta ceapaim go mbíonn scoileanna áirithe ann agus bíonn **obair den chéad scoth**¹⁰³ ar siúl acu, ardchaighdeán bainte amach acu. Bíonn scoil eile cúpla míle síos an bóthar agus b'fhéidir nach mbíonn an dul chun cinn céanna á dhéanamh acu. Agus is beag seans a bhíonn ag múinteoirí breathnú ar mhúinteoirí eile agus is mór an trua sin ar bhealach. Táimid ag caint ar teacht ar bhealach níos fearr chun an dea-chleachtas a roinnt, na smaointí a roinnt. Sa chaoi sin thabharfadh sé misneach do scoileanna eile agus do mhúinteoirí eile agus ceapaim féinig go ndéanfadh sé an-mhaitheas do mhúineadh na Gaeilge ar fud na tíre. 103 first rate (excellent)
- Marie Ar an nóta sin, is dócha gur cuid den dea-chleachtas a roinnt é an podchraoladh seo, agus gabhaim mo mhíle buíochas leat a Shéamie ... go raibh míle maith agat.
- Séamie Go raibh maith agat féinig.